

### An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 135(1)(j) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breislucha, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 12(1) agus Airteagal (2) de,

Ní mór léiriú a dhéanamh air amhail go bhfuil an díolúine dá bhforáiltear leis an gcéad fhoráil sin i leith soláthar foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh agus na talún a bhfuil foirgneamh air, seachas foirgnimh a soláthraíodh roimh an gcéad áitiú, i bhfeidhm chomh maith i leith soláthar foirgneamh inar tharla an chéad áitiú roimh an athchóiriú, fiú mura leag an Ballstát síos, sa dlí naisiúnta, na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an chritéir a bhaineann leis an gcéad áitiú ar athchóiriú foirgneamh, de réir mar a ceadaíodh faoin dara foráil sin.

(<sup>1</sup>) IO C 257, 4.7.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 9 Márta 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Fhrainc) – Bolloré logistics SA v Direction interrégionale des douanes et droits indirects de Caen, Recette régionale des douanes et droits indirects de Caen, Bolloré Ports de Cherbourg SAS**

(Case C-358/22, (<sup>1</sup>) Bolloré logistics)

*(Tarchur chun réamhrialú – Aontas Custaim – Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 – Cód Custam an Chomhphobail – Airteagal 195 – Airteagal 217(1) – Airteagal 221(1) – Comhtharaif Chustaim – Oibleagáidí ar ráthóir d'fhéichiúnaí fiach custaim – Nósanna imeachta maidir le a chur in iúl an fhiaigh – Dleacht a ghabhann leis an bhfiach sin nár cuireadh in iúl don fhéichiúnaí mar is cóir de réir an dlí – Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fiach custaim iníoctha ag an ráthóir comhphárteach agus leithleach)*

(2023/C 164/23)

Teanga an cháis: an Fhraincis

### An chúirt a rinne an tarchur

Cour de cassation

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Bolloré logistics SA

Cosantóirí: Direction interrégionale des douanes et droits indirects de Caen, Recette régionale des douanes et droits indirects de Caen, Bolloré Ports de Cherbourg SAS

### An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 195, Airteagal 217(1) agus Airteagal 221(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 648/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2005,

ní mór léiriú a dhéanamh orthu amhail nach féidir leis na húdaráis custaim íocaíocht ar fhiach custaim a éileamh ón ráthóir dá dtagraítear in Airteagal 195 más rud é nár cuireadh méid na dleachta in iúl don fhéichiúnaí mar is cóir de réir an dlí.

(<sup>1</sup>) IO C 340, 5.9.2022.